Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0092(COD)**

**7808/22**
**ADD 1**

**CONSOM 78**
**MI 246**
**COMPET 203**
**ENER 118**
**ENV 313**
**SUSTDEV 75**
**DIGIT 73**
**CODEC 421**
**IA 36**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 143 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togradh le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 143 final.

Faoi iamh: COM(2022) 143 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.3.2022
COM(2022) 143 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togradh le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr**

{SEC(2022) 166 final} - {SWD(2022) 85 final} - {SWD(2022) 86 final}

GA GA

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/29/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach an pointe 2a seo a leanas:

‘2a. Lipéad inbhuanaitheachta nach bhfuil bunaithe ar scéim deimhniúcháin nó nár bhunaigh údaráis phoiblí a chur ar taispeáint.’;

(2) cuirtear isteach na pointí 4a agus 4b seo a leanas:

‘4a. Maíomh comhshaoil cineálach a dhéanamh nach bhfuil an trádálaí in ann feidhmíocht chomhshaoil aitheanta den scoth a léiriú ina leith atá ábhartha don mhaíomh.

4b. Maíomh comhshaoil a dhéanamh faoin táirge iomlán i gcás nach mbaineann sé ach amháin le gné amháin den táirge.’;

(3) cuirtear isteach an pointe 10a seo a leanas:

‘10a. Ceanglais a fhorchuirtear le dlí ar na táirgí uile laistigh den chatagóir táirge ábhartha ar mhargadh an Aontais a chur i láthair mar ghné shainiúil de thairiscint an trádálaí.’;

(4) cuirtear isteach na pointí 23d agus 23i seo a leanas:

‘23d. Gan an tomhaltóir a chur ar an eolas go mbeidh tionchar diúltach ag nuashonrú bogearraí ar úsáid na n-earraí ag a bhfuil gnéithe digiteacha nó ar ghnéithe áirithe de na hearraí sin, fiú má fheabhsaíonn an nuashonrú bogearraí feidhmiú na ngnéithe eile.

23e. Gan an tomhaltóir a chur ar an eolas gurb ann do ghné earra a tugadh isteach chun srian a chur lena mharthanacht.

23f. Ag maíomh go bhfuil marthanacht áirithe ag earra ó thaobh achar nó dhéine na húsáide de nuair nach bhfuil sé aige.

23g. Ag cur in iúl gur féidir earraí a dheisiú nuair nach féidir nó gan an tomhaltóir a chur ar an eolas nach féidir na hearraí a dheisiú i gcomhréir le ceanglais dlí.

23h. Ag cur ina luí ar an tomhaltóir tomhaltáin earra a athsholáthar níos luaithe ná mar atá riachtanach chun críocha teicniúla.

23i. Gan a chur in iúl go ndeartar earra chun srian a chur lena fheidhmíocht nuair a úsáidtear tomhaltáin, páirteanna spártha nó gabhálais nach soláthraíonn an táirgeoir bunaidh.’.